La?mh La?idir :Lamh Laidir 19/06/2012 15:42 Page 3

Lámh Láidir

Joe Steve Ó Neachtain

Cló Iar-Chonnachta
Indreabhán
Conamara

La?mh La?idir :Lamh Laidir 19/06/2012 15:42 Page 4

An chéad chló 2005

© Joe Steve Ó Neachtain 2005

ISBN 1 902420 79 9

Dearadh clúdaigh: Creative Laundry
Dearadh: Foireann CIC

Tugann Bord na Leabhar Gaeilge tacaíocht airgid do Chló Iar-Chonnachta

Faigheann Cló Iar-Chonnachta cabhair airgid ón gComhairle Ealaíon

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon bhealach ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur: Cló Iar-Chonnachta, Indreabhán, Conamara
Teil: 091-593307 **Facs:** 091-593362 **r-phost:** cic@iol.ie
Priontáil: Clódóirí Lurgan, Indreabhán, Conamara
Teil: 091-593251/593157

La?mh La?idir :Lamh Laidir 19/06/2012 15:42 Page 5

do Bhróna is d'Éamonn
i dtús a saoil
is d'Éadaoin bheag
i Ros an Mhíl

La?mh La?idir :Lamh Laidir 19/06/2012 15:42 Page 7

Bhí a fhios agam ón soicind ar shiúil Éamonn a' tSeoige isteach doras an *Lodge* nach síocháin a bheadh ina chuideachta. Fios ag madraí an bhaile go raibh an ghráin shaolta ag an Seoigeach agus ag Bairéadaigh an *Lodge* ar a chéile. Iad nimheanta in árach a chéile nó gur theith Éamonn tar éis bhás tragóideach a athar scór blianta roimhe sin. Ón dlí a rith sé, smidiríní díoltais déanta d'fhuinneoga an *Lodge* le cith cloch aige sul má scuab sé leis faoi dheifir. Lig imeacht aimsire an t-aighneas i ndearmad, gan a fhios agam an beo nó marbh é nó gur shiúil sé isteach an doras chomh teanntásach le reifíneach a mbeadh an braon éirithe sa gcírín aige.

Ní athrú mór a bhí curtha ag imeacht na mblianta air. Tarraingt súl fós fhéin sa muince rua gruaige nach raibh ribe liath ná tanaíochan plaite ag gabháil léi. Spreacadh le sonrú sa gcolainn chumhachtach a bhí gaibhte go mór chun téagair ón am a mbíodh aithne agamsa air.

Ní bheadh doicheall ar bith agam roimhe murach an áit a raibh muid. Ramhraigh an t-aer le teannas ar an bpointe boise. Éamonn ag siúl i dtreo an chuntair chomh dúshlánach is dá mba leis an áit. Chonaic mé an colg ag géarú i súile na

La?mh La?idir :Lamh Laidir 19/06/2012 15:42 Page 8

mBairéadach, chomh follasach leis an bhfionnadh ag seasamh ar mhada oilbhéasach, gan ag teastáil ach aithne na díchéille lena gcur ag pléatáil a chéile. Mhothaigh mé drioganna mí-shuaimhnis do mo bheophianadh. Fáilte an deamhain is an deabhail romhat, ar fhaitíos nach raibh ár ndóthain mí-aighnis againn de d'fhuireasa, a smaoinigh mé go bréan dom féin. Cén bhrí ach gur dhóbair dom féin agus do mo bhean chéile a bheith bailithe linn abhaile leathuair roimhe sin.

Thob ann agus thob as againn ár ndeoch a thaoscadh agus éalú linn ach gan é de mhuineál againn cuid suntais a dhéanamh dínn féin ó b'annamh linn corraí amach. Dá mbeadh breith ar m'aiféala agam ba cois na tine sa mbaile a bheadh muid ag fliuchadh ár mbéil mar nach cúpla cois cuntair muid mura gcuirfeadh ócáid éicint de dhualgas orainn é.

Orm féin a bhí milleán agam nár fhág ar a sáimhín só í. Gan mac an éin bheo ag cur isteach ar cheachtar againn ach ag goradh ár gcuid bonnacha os comhair gríosach bhreá chlochmhóna agus chaon duine againn bíogaithe ag an gclár teilifíse a bhí ag ceiliúradh oíche chinn bhliana na mílaoise ar fud an domhain. Ní dea-phaidir a chuir mé i ndiaidh an ghutháin nuair a thosaigh sé ag glaoch go mífhoighdeach. Ise a d'fhreagraíodh go hiondúil ach ba mise a rug an geábh seo air ó tharla go raibh sé ar dheis mo láimhe.

"*Hello*, a Dheaide." Bhí a glór chomh caithréimeach is gur chuir sí seabhrán i bpoll mo chluaise.

"*Hello*, a Pheigín. Shílfeá go bhfuil gleo agus clampar aisteach i do thimpeall."

"Tá na mílte amuigh ag ceiliúradh anseo ar shráideanna Bhaile Átha Cliath."

La?mh La?idir :Lamh Laidir 19/06/2012 15:42 Page 9

"Chonaic muid é ar an teilifís. An bhfuil Saileog in éineacht leat?"

"Tá sí anseo le mo thaobh. Á, ba cheart daoibh a bheith amuigh ag ceiliúradh, a Dheaide."

Bhí Sue tar éis breith ar an nguthán as mo láimh agus bís uirthi mar ab iondúil ag déanamh dreas cainte lenár gclann iníon. A bheith ciallmhar agus cúramach curtha trí bhabhta de pharúl aici orthu.

"Amach ag ceiliúradh atá siad sin ag iarraidh muid a shaighdeadh," a dúirt sí go sásta, ag síneadh an ghutháin ar ais chugam.

"Deabhal a fhios agam nach acu atá an ceart," a deirimse. "Téanam ort is ólfaidh muid deoch sa *Lodge* ós í oíche chinn bhliana í."

Choinnigh an chompóirt sa gcruth ina raibh sí í, a cuid súl ag tuineadh le cinneadh ciallmhar.

"Gabh i leith uait," a deirimse ag éirí i mo sheasamh. "Tá an domhan is a mháthair ag ceiliúradh na mílaoise is muide inár suí ar ár dtóin. Éirigh, ó d'fhág Dia an tsláinte againn."

Drogallach go maith a chuir sí fúithi na cosa.

"Déanfaidh tú píosa comhrá le Helen. Is mór an t-ardú croí é éirí amach corruair."

"Caithfidh mé éadach a athrú . . ."

"Tá tú sách feistithe ar scáth a dhul soir chomh fada leis an *Lodge*. Cuir ort do chóta os cionn a bhfuil ort."

Ach bhí fiche nóiméad caite ag tornáil an urláir agam sul má shiúil sí amach as an seomra chomh pioctha le cat siopa.

"Beidh muid sa mbaile arís roimh mheán oíche. Ba mhaith liom glaoch ar Mham."

La?mh La?idir :Lamh Laidir 19/06/2012 15:42 Page 10

"Mar a thograíos tú fhéin anois," a deirimse. "Deabhal fonn amach ormsa ach oiread leatsa murach an oíche atá ann."

Bhí muid ag dréim le fáilte lúcháireach Helen nuair a d'oscail mé isteach doras an *Lodge*. Amach aríst a chúlódh an bheirt againn murach na trí phéire súl a d'aimsigh ar an toirt muid. An mharbhlann féin, ní bheadh chomh ciúin. Barrett atá básaithe, an chéad smaoineamh a thiocfadh trí m'intinn murach gurbh é ab fheiceálaí den triúr, ina shuí ag bord i gcoirnéal. Scéin ina dhá shúil a bhí ag cur chuma an deabhail air. Ba dheacair liom amharc mo dhá shúil a chreidiúint mar go raibh sé socraithe i m'intinn agam nach bhfeicfí sa *Lodge* aríst go brách é ó d'éirigh le Helen is lena mhac Dónall é a ruaigeadh isteach sa teach banaltrais. Ba é béal Helen féin a chuala mé á rá istigh ar an teallach againn. Na deora léi le teann ríméid go mbeadh saoirse aici ón réimeas brúidiúil is ón teanga ghárisiúil a bhí mar spré aici ón lá ar phós sí. Anoir chugainne a thagadh Helen ar thóir sóláis. Bhí chuile scéal roinnte aici féin is ag Sue lena chéile. Iad ag mothú beagán strainséartha lena rún a ligean le muintir na háite. Bhí rudaí cloiste agamsa ar an teallach nach sceithfinn le Dia ná le duine. B'in é an fáth gur chuir sé oiread déistine orm nuair a chonaic mé romham ina áibhirseoir é mar a bheadh sé tagtha as ifreann chun ceiliúradh na mílaoise a chur ó rath. Brúisc de bhean mheánaosta lena thaobh nár aithin mé ar an gcéad amharc, í ramhar otraithe ag breathnú.

Thóg sí a cuid súl díom ar an toirt. Oilbhéas ag bruith ina leicne dearga mar a bheadh sí tar éis a bheith ag ropaireacht . . . Ó, a mhic an domhain . . . Connie. Iníon Bharrett. Ba í a phictiúr í. Peata raithní, nach raibh de shliocht air i ngan fhios

La?mh La?idir :Lamh Laidir 19/06/2012 15:42 Page 11

do lucht an bhiadáin, cé nár leag mise súil ariamh uirthi go dtí an nóiméad sin. Lámh a chroitheadh leis an mbeirt acu agus fáilte nach dtiocfadh ó mo chroí a chur abhaile rompu an chéad mhaith a dhéanfainn, ach ghoin m'aire mé, bhí Sue tar éis breith ar uillinn orm do mo stiúradh go discréideach i dtreo na cúlráide. Níor bhain sí cóta ar bith di agus d'aithin mé gur chuairt ghearr ghairid a thuar an bealach ar leag sí a cairín ar an gcathaoir.

"Céard a ólfas tú?" a deirimse, agus fios maith agam gur fíon dearg a thaithneodh léi.

Tá boladh achrainn san áit seo a sméid sí ar ais orm le caochadh dá súil. Ní raibh dé ná deatach ar Helen. Dónall ina mhúta ar chúl an chuntair, áit nach bhfaca mé ariamh cheana é.

"Pionta agus gloine fíon dearg, a Dhónaill, más é do thoil é."

Chas sé mar a dhéanfadh fear a mbeadh néal air gan sea ná ní hea a rá, gan breathnú díreach orm. Líon sé an pionta gan gleo gan torann ach rinne sé cartadh ar thóir an fhíona, gan a fhios aige beirthe ná beo cá n-aimseodh sé é agus leisce orm a bheith rótheanntásach, nó go mb'éigean dom faoi dheireadh é.

"An buidéilín beag ar an tseilf láir, a Dhónaill." Mar a bheinn ag caint le balbhán. Páipéar deich bpunt a bhí i mo láimh agam.

"Cé méid é sin?"

A bhois a chrochadh os mo chomhair agus casadh uaim a rinne sé mar chomhartha nach nglacfadh sé tada. Theastaigh uaim 'Go raibh míle maith agat agus bliain nua mhaith dhaoibh agus go mba fearr a bheas sibh i gcinn bhliana,' agus go leor eile a rá, ach mhothaigh mé nach mba tráth cainte é.

La?mh La?idir :Lamh Laidir 19/06/2012 15:42 Page 12

Bhí tubaist de chineál éicint ag cothú teannais sa gciúnas. B'in é an uair ar smaoinigh mé nár sheas Helen istigh ar an urlár againn i gcaitheamh na Nollag, ná i bhfad roimhe sin dá mbeinn in ann mo chuimhne a thabhairt chun cruinnis.

Ar bharr mo chos a shiúil mé ar ais chuig Sue. Focal níor tháinig as a béal siúd ach oiread, ná cor níor bhain sí as a leiceann, ach a súile ag tabhairt sciuirde thimpeall ó dhuine go duine nó gur chaith sí fuíll a súl i dtreo na bhflaitheas nuair a d'aimsigh muid amharc a chéile. Ceathrú uaire, cheapfainn, nó b'fhéidir níos faide, a mhair an ciúnas, muid ag seachaint na slogarnaí a dhéanann deoch i bpíobán chomh maith is a d'fhéad muid.

Thug Sue comhartha coise faoin mbord dom, ag cur in iúl go n-imeodh muid chomh luath is bheadh an deoch ólta, ach thug mise comhartha súl ar ais di ag rá nach ligfeadh náire dom siúl amach ó tharla go dtug sé an deoch in aisce dúinn.

Thuig muid féin a chéile, chaon duine againn ag déanamh ár marana ar an mí-ádh a chorraigh amach as ár nead te teolaí féin muid. Bhí sé chomh soiléir le solas an lae anois nach raibh aon charr eile sa gcarrchlós pé ar bith cén fáth nár bhain mé meabhair as sul má shiúil mé isteach i ndiaidh mo mhullaigh. Imithe isteach go dtí baile mór na Gaillimhe san áit a raibh soilse ceiliúrtha na mílaoise ag pléascadh go caithréimeach in ard na spéire a bhí cuid de na daoine. Bheadh a fhios ag chuile dhuine sa gceantar gur ciúin onórach a bheadh an ceiliúradh sa *Lodge* ach ó tharla nach raibh aon teach ósta eile i bhfoisceacht ocht míle dínn, shíl mé go mbeadh cúpla seanriadaire eile cosúil linn féin ag triall air.

Racht casachta a bhuail Barrett a thug as beophian muid.

La?mh La?idir :Lamh Laidir 19/06/2012 15:42 Page 13

Faoiseamh as torann de chineál éicint a chloisteáil, faoiseamh nár mhair i bhfad. Bhí dearmad déanta aige go raibh muid i láthair, de réir cosúlachta. Cársán na haoise ag cur stad ina chuid cainte, é ag grúscán leis féin go friochanta nó gur chroith sé a dhorn go bagrach i dtreo Dhónaill ag maíomh go borb gurb é féin an t-úinéir agus go gcaoinfidís an lá ar ruaig siad as seilbh é.

"Sssssh!" a deir Connie ag iarraidh a bheith ag ceilt an easaontais orainn ach bhí sé chomh maith di a bheith ag iarraidh suaimhneas a chur sa ngaoth.

Scanraigh mé gur amach thar cuntar le criogaide a thabhairt dó a bhí Dónall ag teacht. An teilifís a chasadh air a rinne sé agus é a chasadh suas chomh hard is gur phlúch sé caint an athar. Le sonc de m'uillinn a chuir mé in iúl do Sue go n-ólfadh muid deoch amháin eile go sciobtha.

"Pionta eile agus gloine fíona, a Dhónaill, agus bíodh deoch agat fhéin an babhta seo." Bhrúigh mé an páipéar deich bpunt ina threo, ach bhrúigh sé ar ais chugam in éineacht leis an dá dheoch é.

"*Ah, Jays, no*, tóg an t-airgead, a Dhónaill."

Amach thar mo ghualainn a bhí sé ag breathnú. An fhuil a bhí ag coipeadh ina ghrua ag tabhairt dath geal air, fuath agus fearg ag géarú a dhá shúil mar a bheadh dhá mheana ag tolladh duine éicint ar mo chúla. Bhí torann an dorais cloiste agam agus chas mé timpeall de gheit ar fhaitíos gurbh é an taibhse a bhí luaite sa seanchas leis an *Lodge* a bhí feicthe aige.

"Ó, a Íosa Críost!" a sciorr ina geoin fhaiteach faoi m'anáil agus meall doichill ag at i mo chliabhrach. Thug mé súil chráite i dtreo Sue ar thóir fóirithinte ach ba léir go raibh stuaic

La?mh La?idir :Lamh Laidir 19/06/2012 15:42 Page 14

agus stodam tar éis ceann faoi a chur uirthi nuair a shiúil Éamonn a' tSeoige isteach an doras chomh dána le buachaill bó nó buachaill báire.

Má bhí an deabhal ag spochadh le haon duine ariamh bhí sé go síoraí ag cur dinglise in Éamonn a' tSeoige. Agamsa atá a fhios mar go raibh muid mar chomharsana is mar chairde ag a chéile ón am ar thosaigh muid araon ag lámhacán. Bhí printíseacht bhliana déanta sa scoil náisiúnta aige sul má cuireadh mise ag an scoil in aois mo shé bliana. Ba é a thug soir i ngreim láimhe an chéad mhaidin mé. Scéin ionamsa le teann faitís ach Éamonn chomh luaineach le glasóigín sráide agus chomh misniúil le bromach capaill. Folt rua gruaige a bhí tiubh agus catach á dhéanamh feiceálach thar ghasúir eile. Ní raibh bróg ná stoca ar cheachtar againn ná ar mhórán dár gcomhaoisigh ag an am. Tús na gcaogaidí, gan an cogadh i bhfad thart agus ganntan ní ba ghoilliúnaí ná ganntan bróg ar an teallach againn. Níor mhothaigh muid gur theastaigh aon bhróg uainn. Bhí muid ní ba luathchosaí dá bhfuireasa murach go raibh fir oibre na comhairle contae ag cur brat tearra agus clocha briste mar dhromchlár ar bhóthar an rí. Clocha beaga eibhir a bhí chomh géar is gur ar éigean a bhí boinn ár gcos in ann iad a fhulaingt, ó choiscéim go coiscéim go héadrom mar a bheadh muid ag siúl ar ghloine bhriste. Shíl muid gur ó neamh a thit na scraitheacha chugainn, iad sínte ina líne dhíreach ar fhad an bhóthair mar cholbha don mhóinín bán.

"Siúlfaidh muid isteach ar an scraith," a deir Éamonn.

"B'fhéidir nach bhfuil cead againn," a deirimse.

La?mh La?idir :Lamh Laidir 19/06/2012 15:42 Page 15

"Ach sin é an fáth a bhfuil siad á gcur ann, le haghaidh daoine nach bhfuil aon bhróga acu."

A leithéid d'fhaoiseamh. Éamonn chun tosaigh agus mise lena shála mar gheall nach raibh socraithe le dorú ach an chéad líne scraitheacha. An scraith chomh bog le droim an phortaigh sa samhradh, ag tabhairt faoisimh do bhonn buailte na gcos.

"Fan in éineacht liomsa in am lóin is gheobhaidh mé an cócó dhuit."

"Fanfaidh, a Éamoinn. Dúirt Mama go n-inseoidh tú dhom le dhul ag an teachín."

"Tá sé an-éasca, tá slabhra ann, níl ort ach é a tharraingt nuair a bheas tú réidh. Cloisfidh tú glog glog ag an uisce ag dul anuas thrí phíopa mór."

Ba bheag nár thit an t-anam asam nuair a chuala mé an bhéiceach inár ndiaidh. Léim an bheirt againn amach den scraith agus scéin ionainn ag breathnú thar ár n-gualainn sa treo as a raibh stropaí eascainí á dteilgean.

"Get off the line of scraws, you little bastards! Walk on the fuckin' road!"

"*Oh, Jays*! Barrett! Sin é an geangar. Rith! D'osclódh sé sin le cloch thú!"

Bhí Barrett ag teacht inár ndiaidh ina chuaifeach agus é ag uallfairt in ard a chinn.

"Rith, rith, rith go beo!"

Ach ní raibh muid ábalta rith de bharr go raibh na clocha briste ag dul sa mbeo. Léim Éamonn isteach ar an scraith aríst agus rith sé sna cosa in airde. Níor lig an faitíos dhom an bóthar a fhágáil nó gur bhain an chéad chloch a chaith Barrett aithinneacha amach le mo thaobh. Thug mé an scraith ansin

La?mh La?idir :Lamh Laidir 19/06/2012 15:42 Page 16

orm féin de thruslóg agus d'éalaigh muid uaidh sna feiriglinnte chomh scafánta le dhá ghiorria cíbe. Bhí bualadh croí fós orm nuair a tháinig muid chomh fada le garraí theach na scoile, Éamonn do mo tharraingt leis i ngreim láimhe mar a bheadh asal ar adhastar aige. Cailíní i chuile áit, cailíní beaga agus cailíní móra, iad ag rith is ag rásáil is ag screadach ar a chéile. Gannchuid buachaillí. Rang na naíonán is rang a haon a théadh go dtí na mná rialta sul má théidís go dtí scoil na mbuachaillí.

"An tSiúr Eithne agus an Príomhoide," a deir Éamonn os íseal nuair a rinne mé staic.

Feisteas dubh ó mhullach a gcinn go dtí bonn a gcos, cés moite dá mbrollach agus timpeall a n-éadain. Duine acu beag seargtha ach an duine eile chomh hotraithe is go raibh sí as a cuma. Ní raibh mé in ann mo shúile a thógáil di. B'ionann fad agus leithead di. A héadan óigeanta agus tapa maith inti ach go raibh a coiscéim chomh giortach le coiscéim lachan.

"Tá mé ag iarraidh a dhul chuig an teachín," a deir mé le hÉamonn, agus mo lámh in airde agam.

"Ná cuir suas do lámh amuigh anseo."

"Ach dúirt Mama go gcaithfidh mé mo lámh a chur suas má tá mé ag iarraidh a dhul chuig an teachín."

"Istigh sa scoil é sin, gabh i leith uait."

Ní raibh sé baileach déanta agam nuair a buaileadh an clog. Rith chuile dhuine agus rith mise freisin. Le taobh Éamoinn sa suíochán a shuigh mé.

"Ní féidir leat suí anseo. Caithfidh tú a dhul anonn in éineacht leis na naíonáin."

Ní raibh an focal as a bhéal nuair a tháinig gasúr eile a raibh a dhá shúil mhóra mhillteacha ina bpucháin i mbarr a chraicinn.

La?mh La?idir :Lamh Laidir 19/06/2012 15:42 Page 17

"Ní féidir leat suí ansin," ar seisean. "Sin é m'áitse."

"Cad é atá ag tarlú anseo?"

D'imigh an mothú asam nuair a sheas an tSiúr Eithne le mo thaobh.

"Ní féidir liom suí síos mar tá an buachaill nua ina shuí i m'áit, a Shiúr."

"*Come over here to the naíonáins*. Téigh anonn," ar sí go mífhoighdeach.

Níor thuig mé ar chor ar bith í ach ghéill mé go sciobtha nuair a rug sí ar chába mo sheaicéid is threoraigh sí roimpi mé.

"*Sit there*. Paidreacha anois, seas suas gach duine, lámha le chéile, beannaigh tú féin ar dtús."

Chroch chuile dhuine leathlámh, agus choisric siad iad féin.

"In ainm an Athar is an Mhic is an Spioraid Naoimh. Anois '*Ios-spioraí-eos*' deich n-uaire."

Bhí sé de ghlanmheabhair acu. *"Ios-spioraí–eos, Ios-spioraí–eos, Ios-spioraí–eos."*

B'fhada gur thuig mé gur 'a Íosa, a Mhuire is a Sheosaimh' a bhí muid a rá, ach gur *Ios-spioraí-eos* a rinne canúint an tSiúr Eithne de.

"Ios-spioraí-eos, Ios-spioraí-eos."

Chúig cinn a bhí comhartha ar ár gcuid méaracha againn nuair a osclaíodh isteach an doras de sciotán. Bhí leithead an dorais sa bPríomhoide ag teacht tríd agus a cuid leicne chomh dearg le círín circe. Shíl mé gur ag caint léi féin a bhí sí nó gur shiúil Barrett isteach ina diaidh. Bhí a chaipín dúbailte idir a dhá láimh aige agus an fiach ag lasadh dé an oilc ina dhá shúil. Shín sé a mhéir chomh díreach le bairille gunna i dtreo Éamoinn chomh luath is a d'aimsigh sé an folt rua.

La?mh La?idir :Lamh Laidir 19/06/2012 15:42 Page 18

Thriomaigh taom ciúnais an phaidir inár mbéal mar a bheadh plump thoirní tar éis pléascadh i ndoras an tseomra. Theastaigh uaim a dhul ag an teachín go géar sul má d'fhliuchfainn mo bhríste nua ceanneasna.

"Éamonn Seoige, aníos anseo."

Ar éigean a bhí an craiceann ag coisceadh na fola ó phléascadh amach trí gheolbhach an Phríomhoide. Scríob sí a dhá cois go friochanta in aghaidh an urláir mar a bheadh sí á daingniú féin i gcomhair comhraic.

"Cuir amach do lámh."

Bhí sé follasach go raibh cleachtadh maith ag Éamonn ar an díbliú a bhí i ndán dó. Ní raibh aithne meatachais de chineál ar bith air nuair a shín sé amach a lámh go fearúil.

D'ardaigh sí an bheilt mhór leathair a bhí crochta síos léi agus bhain sí pléasc as bois a láimhe leis an gcéad bhuille. Bhí rinse cúir i gcorr a béil le teann feirge agus í á sciolladh de réir mar a bhí sí ag ardú na beilte in athuair.

"Mura bhfuil smacht á chur sa mbaile ort cuirfidh mise smacht ort!"

Phléasc an bheilt leathair ar a bhois aríst agus shloig an rang ar fad puth dá n-anáil amhail is dá mba orthu féin a cuireadh pian. Phléasc an tríú buille ar bhois Éamoinn ach deoir níor chaoin sé.

"Cuirfidh mise faoi ndeara dhuit go n-iompróidh tú thú féin ag teacht go dtí an scoil seo!"

Ní ba nimheanta a bhí na buillí ag fáil, ach ní ba cheanndána a bhí dreach Éamoinn ag éirí.

"Abair leis an Uasal Barrett go bhfuil brón ort." Bhí cársán curtha ag an saothar inti.